# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

S.7

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006**

**GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR 1**
**(100 marc)**

**DÉARDAOIN, 8 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.15 go dtí 3.45**

## ROINN I – SCRÍOBH NA TEANGA [70 marc]

**Ceist 1.** Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C, D** anseo thíos. **(50 marc)**

**(Ní gá dul thar leathanach go leith i do fhreagra.)**

**A. AISTE**

Scríobh aiste ar do rogha **ceann amháin** de na hábhair seo:-

(i) Spórt – an tábhacht a bhaineann leis i saol an duine.
(ii) An banna ceoil nó an ceoltóir is fearr liom.
(iii) Nuair a bhí mé tinn (breoite).

**B. SCÉAL / EACHTRA**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:-

(i) Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar thús leis:-

“Léigh mé an teachtaireacht a bhí ar mo fhón póca: ‘Cuir glao orm láithreach. Tá scéal iontach agam duit.’ …”

(ii) Déan cur síos ar eachtra a tharla nuair a bhí tú sa lucht féachana ag cluiche peile le déanaí.

**C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID**

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son nó in aghaidh an rúin sin:-

(i) “Tá daoine óga an lae inniu ag cur a sláinte i mbaol.”

(ii) “Is í Éire an tír is fearr ar domhan.”

**D. ALT (do nuachtán nó d'iris)**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:-

(i) Iarradh ort alt a scríobh d’iris na scoile faoi iarscoláire cáiliúil ó do scoil féin.
Scríobh an t-alt a chuirfeá chuig eagarthóir iris na scoile ag cur síos ar an duine sin.

(ii) Ba mhaith le RTÉ Raidió na Gaeltachta tuairimí a fháil ó dhaoine óga faoin saghas ceoil ba mhaith leo a chloisteáil ar an stáisiún sin.
Scríobh an t-alt a chuirfeá chuig ceannasaí an stáisiúin faoin ábhar sin.

THALL →

**<u>Ceist 2.</u>** Freagair **A** <u>nó</u> **B** anseo. **(Ní gá dul thar leathleathanach i do fhreagra.)** **(20 marc)**

**A.** Chonaic tú scannán sa phictiúrlann le déanaí. Scríobh **<u>an comhrá</u>** a bhí idir tusa agus do chara mar gheall ar an scannán sin.

**B.** Chuir tú agallamh ar an bpríomhoide i do scoil féin mar gheall ar na rialacha a bhaineann le caitheamh na héide scoile i do scoil féin.
Scríobh **<u>an t-agallamh</u>** a bhí ar an téip agat.

## ROINN II - LÉAMHTHUISCINT (SLIOCHT LEANÚNACH) [30 marc]

Léigh an píosa iriseoireachta seo (bunaithe ar ailt sna nuachtáin) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.
*<u>[Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.]</u>*

### DEIREADH RÉ

1. Tá an róbat béasach sa tsraith scannán **Star Wars**, C-3PO, in ísle brí le tamall anuas. Chun na fírinne a insint tá cúis mhaith aige leis. Tá Máistir Anakin, an duine a chruthaigh é, tar éis dul trasna go dtí an Taobh Dorcha agus anuas air sin deir George Lucas gurb é **The Revenge of the Sith** an scannán deireanach sa tsraith.

2. Scanraithe ina chraiceann stáin atá C-3PO. Tá faitíos air go gcaithfear ar an gcarn athchúrsála é nó níos measa fós go ndéanfar smidiríní de. Tá taithí mhaith aige ar an drochíde. Uair amháin baineadh an cloigeann de; uair eile bhí sé gan aithne gan urlabhra nuair a tarraingíodh na sreanga as a phróiseálaí lárnach.

3. Dá mbeadh rogha aige bhronnfadh C-3PO a chuid páirteanna ar róbait eile. Thabharfadh sé cúpla sliseog cuimhne dá chara, R2-D2. Tá ocht milliún sórt teangacha ar eolas ag C-3PO agus níl ag R2-D2 ach an ráiméis 'Beep-boop – boop….beep.' Ní dócha go nglacfaidh R2-D2 le cineáltas C–3PO mar tá sé chomh ceanndána le folúsghlantóir.

4. Níl a fhios ag mórán daoine faoi ach tá C-3PO tar éis freastal ar chúrsa féinchabhrach chun é féin a ullmhú don phróiseas athchúrsála. Rinne sé go leor machnaimh ar a chás féin. Ta díomá air nár thug sé aird ar Yoda. Thuig Yoda go raibh Máistir Anakin ag dul ar strae nuair a thosaigh sé ag caitheamh an chlóca dhuibh. Níor bhac C-3PO le míshástacht Yoda. Shíl sé gur ghalar éigin a bhí ag teacht air toisc go bhfuil Yoda breis agus 850 bliain d'aois.

5. Thuas seal, thíos seal a bhíonn C-3PO na laethanta seo. Cé go gcuireann slite aisteacha a sheanchara R2-D2 as dó go minic, tuigeann sé gur cara dílis é a sheasann leis i gcónaí. Sna laethanta deireanacha seo níl a fhios aige cad a dhéanfadh sé gan é.



**C-3PO agus a chara R2-D2**

**<u>Ceisteanna</u> (iad ar cómharc)**



(i) (a) Luaigh cúis **<u>amháin</u>** a bhfuil C-3PO in ísle brí.
(b) Tabhair sampla **<u>amháin</u>** den drochíde a tugadh do C-3PO.

(ii) (a) Cad a thabharfadh C-3PO do R2-D2 dá mbeadh an rogha aige ?
(b) Cé mhéad sórt teangacha atá ar eolas ag C-3PO ?

(iii) (a) Cén fáth ar fhreastail C-3PO ar chúrsa féinchabhrach ?
(b) Cathain a thuig Yoda go raibh Máistir Anakin ag dul ar strae ?

(iv) (a) Cén aois atá ag Yoda ?
(b) Cén fáth nár thug C-3PO aon aird ar Yoda ?

(v) Breac síos **<u>dhá</u>** phointe eolais ón téacs faoin gcairdeas idir C-3PO agus R2-D2.